CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 125/25

**Lucsamburg, 17 Meán Fómhair 2025**

# Toghadh na Breithiúna a bheidh ag feidhmiú mar Abhcóidí Ginearálta sa Chúirt Ghinearálta chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil

I ndiaidh an athraithe ar chuid de Chomhaltaí na Cúirte Ginearálta[1], agus Uachtarán[2], Leas-Uachtarán[3], agus Uachtaráin Dlísheomra[4] Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh a thoghadh, thogh Breithiúna na Cúirte Ginearálta, as a measc féin, an 17 Meán Fómhair 2025, na Breithiúna a fheidhmeoidh mar Abhcóidí Ginearálta chun iarrataí ar réamhrialú a láimhseáil.

Is iad sin:

- Maja Brkan
- José Martín y Pérez de Nanclares.

Maidir le Hervé Cassagnabère agus Louise Spangsberg Grønfeldt, toghadh iad mar Bhreithiúna a fheidhmeoidh in ionad na nAbhcóidí Ginearálta sin i gcás nach féidir leo feidhmiú.

Cumhdóidh a dtéarmaí oifige an tréimhse ón 17 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2028.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆ (+352) 4303 3355.

Fanaigí i dteagmháil linn!

[1] Féach preaseisiúint Uimh. 121/25 an 15 Meán Fómhair 2025.

[2] Féach preaseisiúint Uimh. 122/25 an 16 Meán Fómhair 2025.

[3] Féach preaseisiúint Uimh. 123/25 an 16 Meán Fómhair 2025.

[4] Féach preaseisiúint Uimh. 124/25 an 17 Meán Fómhair 2025.